# Loch Dearg aonRóimh na hÉireann

[Shane Leslie, *Saint Patrick's Purgatory* (1932), 168-70 from Adv.Lib. lxiv 28-9]

Tuileagna mac Torna [Uí Mhaolchonaire]

1 Loch Dearg aonRóimh na hÉireann
mar fuair sinn sa seinléigheann
sreabh ó nach soibheirthe geall
dár lean oilithre Éireann.

2 Do thogh Pádraig puirt nimhe
Loch Dearg d'adhbhaidh aithrighe
ní d'fhiodhaitreabh tug a thoil
iodhaintreabh rug do roghain.

3 Baile phuirt Phádraig Mhacha
innse i n-aigéan fhuarlocha
mo chean adhras don inis
Pardhas na sreabh soimhilis.

4 Ar uaimh Phádraig léaghthar linn
don neach nigheas a inntinn
nach fuil teagh aithrighe as fhearr
aithnighe a chean ní chaitheann.

5 Ní ghlanfadh loch achd Loch Dearg
do shal a chuirp na gclaoinchealg
ós dual ní do nighe i loch
truagh do lighe a chlí chionntach.

6 Táinig mé dod bhuain a broid
don tighsin 'nar throisg Pádraig
d'éis an toighe a thruaill fhaladh
ní fhoighe uaim t'athghlanadh.

7 Tuirseach bráighe bhíos i nglas
caithfe mé an uair nach uaras
deor aithridhe 'na huair féin
aithlighe i n-uaimh an Fhíréin.

8 Gnáth deighliaigh dá chur i gcion
an uair théid cneadh i gcainnsior
i lochthobar chabhra ar gcneadh
fothroghadh m'anma is éigean.

9 Tarla dhúinn loch ós lochaibh
Loch Dearg an chuain chiunghothaigh
loch maothmhallglas sídhe soin
aonPhardhas Tíre Tuathail.

10 I n-éiric a huilc uile
dar lem chlí is tuar trócuire
aoinsheachtmhain a-bháin da mbeath
láimh re caoilleabthaibh cl....

11 Beannuigh ar-ís Inis Cuinn
a Phádraig mhóir mhic Charplainn
[sínidh] a éarlaimh Chláir Chuinn [leg. Chaisil?]
an láimh mhéarghlain mháordhasain.

12 Ós duit as dúal dul ’nar gceannas
caomhain mé tar mhéad mo locht
a bhreitheamh na Banbha a Phádraig
feitheamh m’anma fhágmaid ort.

13 Ní thiobhruinn a éarlaimh Éireann
inis Dearg cidh diadha an port
mo dhúil don uaimh acht dot anáir
do shúil le huain d’fhagháil ort.

14 Conách éarlaimh Inse Fáil
guidhim Pádraig an príomhfháidh
ar fheirg nDé go saoradh sionn
mar do chaomhan é ar Ifrionn.

15 A-tá an croidhe go gcruas cloch
is béal na mbriathar gcealgach
’s an rosg nach cruaidhe an cridhe
’na thost uainne ón aithrighe.

16 Gidh deacair mise a mhic [Alprainn]
d’fhóiridhin le hiomad m’olc
ní fiu ar ngníomh a chara [calma]
go ragha díon m’anma ort.

17 Sleagh i gcíogh oidhre an Athar
créad nach mór an mearachadh
an chíogh ghealsain nar ghuil sinn
easbhaidh mo chruidh go gcaoinim.

18 Cairt ghráidh agad ghaol id dheoidh
uirre dob iomdha sgríbhneoir
cairt neamhghann taoibh is troighthigh
mar mheamram dhaoibh deachtaidhthir.

19 Pinn a sgríobhtha fa sgéal nár
iallach go n-iomad dubhán
nír bh’fhada a díol duibh ón chairt
fuil do chíogh arna casgairt.

20 Gach bean ag faire a fir féin
do-chím i n-uaimh an oiléin
taobh ret fhaire is lór liomsa
taire a ógh dom fheitheamhsa.

21 Do sgrios Deamhain is dearbh liom
tug Pádraig príomhfháidh Éireann
cuairt neamhlag ós cionn na gcríoch
dar liom do dhearmad Dábhíoth.

22 Uaimh Locha Deirg díoghrais crábhaidh
...............................
dá dtrian cabhra dom chluasaibh
triall don adhbha uasail ucht. [leg. arduasail?]

23 Teach na haithrighe uaimh Phádraig
port roghlan le rugadh barr
ní fhuil tír gan tásg an tighe
le grásd ó rígh nimhe a-nall.

24 Guidhim Pádraig príomhfháidh Éireann
a hucht Íosa oidhre an ríogh
fear is daingne reacht is riaghail
go dtairnge neart Diabhail díom.

25 Is mór ar nduais-ne ó Dhia Athar
a oidhre do dhul i n-uaidh
is díoth tuigse nó cruas croidhe
duas uisge nac n-oighe uaim.

26 Fagh a Mhuire mhaordha mhín
led ghlórsa ghuidheas gach dúil
ós díot as [lia] do lean buaidh
ar seal don uaimh ó Dhia dhúin.

27 Slighe ’na leanmhain Loch Dearg
port do ollmhuigh dá gach ord
fearr dúnn a fhearta ná a fhearg
ceann na ndúl is leanta a lorg.

28 Loch uasal ’s uaisle iná an t-ór
nar thruaill [lé thoirbhearta] riamh
port tharla do thoil na ríogh
díon gach anma thoir is thiar.

29 Ar Loch Dearg is déanta dhúinn
ní sgéal leis nach bearthair buaidh
biaidh ar séala deas ’na dheoidh
réalda an eoil theas agus thuaidh.

30 A Phádraig a phréamh gach eolais
is ort chuirim cor mo shuain
[cora] mo chean fo [dhlaoi] dhaoire
ar feadh [laoi] go n[-aoine] uaim.

31 A Phádraig naomhtha do nimh
a mhic ochta Dé dhúiligh
teacht dár gcóir gidh deacair duid
fóir ar bpeacaidh a Phádraig.